Ráiteas Straitéise 2011 – 2015

Achoimre

Márta 2011

1 Réamhrá: TG4 agus an Ráiteas Straitéise

Is é TG4 an tseirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge. Craoltóir seirbhíse poiblí é, bunaithe faoi reachtaíocht agus maoinithe go poiblí chun raon iomlán ábhair ardchaighdeáin Gaeilge a sholáthar don lucht féachana sa mbaile agus thar sáile.

Tá an bunús atá le gníomhaíochtaí TG4 ar fáil sa mhandáid reachtúil atá leagtha síos dúinn san Acht Craolacháin 2009. Faoin reachtaíocht sin, is iad cuspóirí TG4 seirbhís náisiúnta teilifíse a sholáthar mar sheirbhís phoiblí, saor go haer atá ar fáil don phobal uile ar oileán na hÉireann. Is ar mhaithe le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge agus an chultúir a déantar seo. Anois agus dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge le brath agus ag neartú in Éirinn agus thar sáile, glactar leis go bhfuil TG4 ar an mbeartas is dearfaí, is inrochtana agus is cruthaithí dá ndearna an Stát chun an teanga a chur chun cinn faoina mbeadh taitneamh luaite léi.

I gcomhlíonadh na mandáide, leagtar an dualgas orainn freastal ar gach aoisghrúpa sa phobal arb í an Ghaeilge a rogha teanga labhartha nó ar suim leo an Ghaeilge ar shlí éigin eile. Ní amháin go bhfreastalaímid ar na haicmí sin ach cuirimid soláthar ar fáil freisin chun freastal orthu sin ar suim leo an cultúr Éireannach, go háirithe iad sin ar maith leo spórt agus ceol. Freastalaítear le soláthar fotheideal ar dhaoine ar suim leo ábhar i nGaeilge ach nach bhfuil líofacht dhóthaineach acu sa teanga sin.

Fágann seo go bhfreastalaíonn TG4 ar dhaonra uile an oileáin, iomlán tuairim 6.03m[1] duine. San áireamh ansin tá Tuaisceart Éireann. Cé nach bhfuil an lucht féachana i dTuaisceart Éireann san áireamh sa miosúr oifigiúil féachana teilifíse, tá forálacha i gComhaontú Aoine an Chéasta 1998 inar thug Rialtas na Ríochta Aontaithe gealltanais maidir le glacadh níos forleithne i dTuaisceart Éireann a chinntiú do TG4.

Soláthraíonn TG4 clársceideal leathan tarraingteach teilifíse i nGaeilge. Go príomha is cláracha-nua-léirithe Gaeilge atá i gceist leis seo ach cuimsíonn sé freisin ábhar a léiríodh ar dtús i dteanga eile agus a ceannaíodh agus a bhfuil athghuthú Gaeilge déanta air. Tacaíonn ábhar i mBéarla agus i dteangacha eile leis an ábhar Gaeilge sa gclársceideal.

Tá dáileadh forleathan ar fud an oileáin ag TG4: clúdach uilíoch saor go haer náisiúnta ar an ardán trastíre, ar fud an oileáin do shíntiúsóirí le seirbhís satailíte Sky, stádas éigeantach iompair ar gach ardán cábla agus rochtain Líonchraolta ar fud an domhain ar an Seinnteoir/TG4 Beo

Leagtar dualgas reachtúil orainn freisin léiriú cultúrtha comhaimseartha a éascú agus nuáil agus turgnamh i gcraolachán a spreagadh nó a chur chun cinn. De bhrí gur mar fhoilsitheoir/craoltóir a fheidhmímid go príomha, is ón earnáil neamhspleách léiriúcháin a fhaighimid formhór ár gclár, go háirithe ó chomhlachtaí léiriúcháin Ghaeilge nó Gaeltachta.

Aithnítear go forleathan go bhfuil caidreamh láidir bunaithe agus buanaithe againn lenár lucht féachana. Is díol suntais ar leith an t-ardmheas atá ag an lucht féachana orainn. Ar na nathanna a úsáideann an lucht féachana chun cur síos ar a dtuiscint ar na gnéithe éagsúla a shainíonn sainchúraim TG4 tá “leithleach” agus “ardchaighdeán”. Rinne muid taighde ar ár lucht féachana agus ár ngeallshealbhóirí le cur lenár dtuiscint féin air seo. Sa taighde sin baineadh leas as grúpaí fócais, taighde mhargaidh, anailís leanúnach ar an aiseolas ó na meáin agus ón lucht féachana mar aon le teagmháil rialta le raon leathan geallshealbhóirí.

[1] Daonáireamh 2006, foinse CSO (4.24m sa Phoblacht) agus staidreamh 2009 ón Northern Ireland Statistics & Research Agency (1.79m sa Tuaisceart).

Chinntigh sin ar fad go raibh tuiscint níos fearr againn ar ionchais an lucht féachana maidir lenár bhfreagrachtaí seirbhísí poiblí agus na bealaigh ina gcinntímid luach airgid

Is é an sainchúram poiblí a mhúnlaíonn ár gclársceideal, sainchúram a leagann dualgas ar TG4 raon leathan clár ardchaighdeán Gaeilge a chraoladh a léireoidh na hairíonna éagsúla dá bhfuil cultúr phobal oileán na hÉireann uile comhdhéanta. Is féidir achoimre a thabhairt ar ábhar uile na seirbhíse leis an mana gearr atá againn, "*súil eile"* dhá fhocal a aithníonn ár lucht féachana go maith. Is é a thuigtear leis an mana sin ná ábhar ardchaighdeáin, leithleach, nuálach, tarraingteach a bhfuil de chumas ann a sholáthróidh siamsa ach eolas freisin don lucht féachana agus a chuirfidh lena dtuiscint ar an domhan, a spreagfaidh eolas agus foghlaim agus a léireoidh an cultúr Éireannach agus a sheasfaidh ar son na hilchineálachta agus an léargais mhalartach.

Tá ról lárnach ag TG4 i bhforbairt na hearnála léirithe mar gur ón earnáil neamhspleách sin a thagann cláracha coimisiúnaithe Gaeilge, a bhformhór, mar atá ráite thuas, ón earnáil léirithe Ghaeilge agus Ghaeltachta. Tá luach breis is €100m ar an gcaiteachas a rinne muid ag coimisiúnú clár ón earnáil seo le seacht mbliana anuas, rud a léiríonn ár dtiomantas do thacú leis an earnáil neamhspleách sna réigiúin éagsúla in Éirinn, i gcothú na cruthaitheachta agus na tallainne agus i dtionchar dearfach a imirt ina inmharthanacht agus ina leibhéil fhostaíochta. Cothaíonn coimisiúin TG4 go díreach 283 post lán-aimsire san earnáil. Tá formhór na bpost seo sa nGaeltacht (cé nach bhfuil siad ar fad) agus fágann seo – mar aon le croí-fhoireann TG4 féin – go bhfuilimid lárnach i saol eacnamaíoch agus cultúrtha na gceantar Gaeltachta.

Thosaigh ré nua do TG4 i 2007. Tar éis breis is deich mbliana ag feidhmiú faoi scáth reachtúil RTÉ, bunaíodh TG4 mar eintiteas reachtúil Stáit ón am sin. Ó bunaíodh go neamhspleách muid, táimid tiomanta do na caighdeáin is airde sa gcraolachán seirbhíse poiblí agus tá straitéis chúig bhliana deachtaithe againn agus curtha i láthair sa Ráiteas Straitéise mar atá leagtha síos sa reachtaíocht.

Is é atá sa gcáipéis seo ná achoimre ghearr ar Ráiteas Straitéise TG4 2011-2015. Leagann an Ráiteas iomlán amach na deiseanna agus dúshláin líonmhara atá roimhe TG4 sna blianta amach romhainn, ina measc an margadh ilroinnte iomaíoch, an timpeallacht athraitheach eacnamaíoch agus mhaoinithe, rudaí a imreoidh tionchar go leor ar ár stádas maoinithe agus ioncaim. Tá straitéis dréachtaithe againn a thuigeann an gá ata le bainistíocht leanúnach agus rialú costas stuama i TG4, feabhas leanúnach ar tháirgiúlacht agus uas-leas as acmhainní mar aon le forbairt seirbhíse a thiocfaidh i dtír ar nuálaíocht ábhair agus ar fhorbairt clársceidil. Tá mar aidhm leis an straitéis a chinntiú go dtig léinn ár bhfís a fhíorú agus an Ghaeilge agus an cultúr a le hábhar teilifíse agus Gréasáin chun áit lárnach don Ghaeilge a chinntiú i saol na ndaoine, bídís lonnaithe anseo in Éirinn nó thar sáile.

2 Fís agus Misean TG4

Tugann fís agus misean TG4 san áireamh ní amháin an ról agus an sainchúram atá tugtha dúinn maidir le cur chun cinn agus forbairt na Gaeilge agus an chultúir a bhaineann léi, faoi mar atá leagtha síos sna cuspóirí ach freisin an riachtanas go mbeadh muid ábalta aghaidh a thabhairt ar na forbairtí casta agus na sainghnéithe is dual don timpeallach chraolacháin in Éirinn.

Fís TG4

"Teanga agus Cultúr na Gaeilge a chur chun cinn go rathúil trí leas a bhaint as ábhar teilifíse agus Gréasáin chun go mbeadh spás lárnach ag an nGaeilge i saol gach Éireannaigh, sa tír seo agus thar sáile."

Fíorófar an fhís seo trí mhisean TG4, mar atá thíos, a thabhairt i bhfeidhm:

"Seirbhís tharraingteach nuálach teilifíse Ghaeilge a sholáthar, a cheiliúrann cruthaitheacht agus féiniúlacht na teanga, an chultúir, an cheoil agus an spóirt Éireannaigh le hábhar a chuirtear i láthair ar bhealach a mheallfaidh an lucht féachana sa tír seo agus thar sáile."

Is achoimre ar an bhfís agus ar mhisean TG4 an mana "*súil eile*" a aithníonn an riachtanas fanach t i lár an mhargaidh le cláracha ardchaighdeáin a chraoladh, idir choimisiúnaithe agus cheannaithe, a bhfuil saintréithe nide acu ach ar cumas dul san iomaíocht do leibhéil suntasacha lucht féachana… Téann fealsúnacht na "*súile eile*" go croí an i ngach gné d'oibríocht TG4, ó chruthú ábhar go sceidealú go margaíocht agus brandáil.

3 Luachanna TG4

Cuimsíonn an fhís agus an misean ár spriocanna agus leagann an straitéis síos na modhanna ina mbainfear amach na cuspóirí seirbhíse poiblí. Imríonn luachanna TG4 tionchar ar an mbealach ina mbainfear amach iad, an bealach ina n-oibrímid lenár gcroí-gheallshealbhóirí agus leagann siad amach na prionsabail atá mar shaintréithe ag an eagras.

Tá ár luachanna ar fáil i Léaráid 1.

Léaráid 1: Croíluachanna TG4



4 Straitéis TG4

Tá fáil ar oll-straitéis TG4 sa misean agus sa bhfís. Feidhmeofar iad tríd an 17 cuspóir straitéiseach atá leagtha amach don tréimhse chúig bhliana den phlean. Déanfar athbhreithniú agus uasdátú ar na cuspóirí seo gach bliain. Cé go bhfuilimid tiomanta go hiomlán do fheidhmiú ár straitéise, tuigimid go bhfuil rioscaí ann freisin. Tá cuid de na spriocanna molta ag brath ar fhórsaí seachtracha, go príomha staid reatha na heacnamaíochta agus an leibhéal maoinithe atá ar fáil dúinn. Dá ainneoin sin, creidimid go dtig linn, ach na hacmhainní agus an tacaíocht is gá a bheith ar fáil dúinn, dea-thionchar a dhéanamh ar an lucht féachana, ar an nGaeilge féin agus ar a gcultúr, ar fhorbairt na Gaeltachta agus ar an eacnamaíocht chruthaitheach i gcoitinne.

Leagtar amach cuspóirí straitéiseacha TG4 i dTábla 1. Chun an 17 Cuspóir a bhaint amach, tá 34 tasc/tionscnamh straitéiseach leagtha amach a chuirfimid i gcrích sa tréimhse chúig bhliana. Má cuirtear i gcrích go sásúil iad, ba cheart go gcuirfeadh siad ar ár gcumas ár straitéis a fheidhmiú agus dá réir sin an misean agus an fhís freisin. Leagtar síos na tionscnaimh go mion inár Ráiteas Straitéis mar aon le príomh-thráscairí feidhmíochta a chuirfidh ar ár gcumas monatóireacht agus meas a dhéanamh ar a mbaint amach.

Tábla 1: Cuspóirí Straitéiseacha TG4

1. Bheith ina ghníomhaire lárnach in iarracht úr an Rialtais ag cur chun cinn na Gaeilge le craolachán seirbhíse poiblí den scoth agus soláthar sainiúil ardchaighdeán ábhar ar-líne a chur ar fáil a cheiliúrann an fhéiniúlacht Éireannach.
2. An clársceideal a neartú tuilleadh as seo go ceann chúig bhliana trí an croí-chlársceideal a leathadh ó 26 go 40 seachtain den bhliain, raon leathan ilghnéitheach nuálach siamsúil clár a chur ar fáil agus trí dul i dtreo soláthar 6 uair an chloig de aschur céad-chraolta Gaeilge a chur ar fáil in aghaidh an lae.
3. A lucht féachana ar na hardáin dhigiteacha ar fad a choimeád agus a mhéadú más féidir.
4. Leanacht leis an leas suntasach eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a dhéanann sé agus a thionchar ar an eacnamaíocht náisiúnta a imirt leis an ranníocaíocht bhliantúil ar a laghad €58m don tuilleamh náisiúnta, tríd an 400 post atá ag brath air go díreach agus an fhostaíocht ghaolmhar tuairim 1000 post eile agus anuas air sin leis an tacaíocht a thugann sé d'fhorbairt na hearnála eolas-bhunaithe.
5. Leanacht lena ról lárnach i bhforbairt na hearnála léiriúcháin neamhspleách, ag tacú ach go háirithe le fostaíocht réigiúnach i gcomhlachtaí léiriúcháin Gaeltachta agus lena infheistíocht shuntasach san ábhar léirithe a chuirtear ar fáil do TG4 agus le raon tionscnamh forbartha i bpáirt leis an earnáil.
6. A chroí-sheirbhís craolta a bhreisiú trína chinntiú go bhfuil an t-ábhar ar fáil freisin don lucht úsáidte is mó is féidir trína sholáthar ar raon leathan ardán, ar-líne agus so-ghluaiste ina measc.
7. Ár seasamh mar sheirbhís uile-Éireann a dhaingniú le stádas éigeantach iompair nó príomhaíocht suímh a ar gach ardán dáilithe teilifíse, trastíre, cábla agus satailíte, Thuaidh agus Theas.
8. Ár n-ionad sa margadh dian-iomaíoch teilifíse digiteach a chosaint le haistriú go DTT agus ardghléine (HD) sa tréimhse 2010-2013 agus trí dheiseanna nua do sheirbhísí breise a fhiosrú.
9. Múnla maoinithe inmharthana a aimsiú a dhaingneoidh ár ról seirbhíse poiblí, an leibhéal maoinithe is fearr is féidir a bhaint amach agus bogadh go bonn il-bhliana maoinithe mar atá luaite san Acht Craolacháin 2009.
10. Uasmhéid ioncam tráchtála agus eile a bhaint amach agus maoiniú do léiriú clár a aimsiú ó fhoinsí breise.
11. Leanacht leis an bhfeabhas ar scileanna, cumais agus éifeachtacht na foirne ag TG4, infheistíocht a dhéanamh ina chuid tallainne agus a chur ar chumas na foirne oibriú i páirt agus iad féin a chur in oiriúint do chleachtais feabhsaithe oibre, teicneolaíochta agus athruithe sa margadh de réir mar a thagann siad chun cinn.
12. Leanacht leis an infheistíocht i gcórais nua agus sa nua-theicneolaíocht chun barr-éifteachtachta agus na cleachtais oibre is fearr ar fad a bhaint a mach agus ár suíomh mar cheannródaí i dteicneolaíocht chraolacháin a bhuanú.
13. Féachaint le breis éifteachtachta a bhaint amach inár múnla oibríochta (gan caighdeán an aschuir ná a mhéid a laghdú) le costas-éifeachtacht a bhaint amach inár gcláracha coimisiúnaithe, ár léirithe inmheánacha agus ár gceannacháin, trí fhorchostais a smachtú le go mbeadh struchtúir costas-éifeachtach bharainneach againn a chinntíonn luach airgid san uile rud a dhéanaimid.
14. Ról lárnach tábhachtach a imirt i dtionscal an ábhair in Éirinn agus aitheantas a fháil óna Ranna agus ó na heagrais ábhartha mar eagras a léiríonn ceannaireacht don dréachtú polasaí náisiúnta don earnáil seo.
15. Ceannaireacht agus ceannródaíocht a léiriú i bhforbairt agus i bhfeidhmiú seirbhísí craolacháin do mhionteangacha dúchasacha an domhain mar aon le tacú le roinnt eolais agus taithí lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta san earnáil seo.
16. Leanacht le cruthú agus gineadh ábhar agus feachtas ardchaighdeáin margaíochta agus brandála agus stocaireachta do bhranda, do chláracha chun cáil an chainéil a neartú agus chun an líon lucht féachana is airde is féidir a bhaint amach dó.
17. Oibriú i ndlúthpháirt lenár mBord chun na próisis agus na struchtúir rialachais, bainistiú riosca, agus comhaill a fheabhsú chun go dtig linn ár ndualgais rialachais agus tráchtála a chomhlíonadh.